



## Dréacht-tuarascáil faoi

### 'Forbairt Plean Comhtháite Pobail & Cumasú Pobail'

Ceardlann Pobail ar Zoom 8ú Deireadh Fómhair 2020

#### Comhthéacs

Mar a mhínigh Breandán Mac Cormac, cathaoirleach Theacht Aniar agus é ag seoladh na hócáide, eagraíodh an cruinniú seo mar chuid de shraith imeachtaí ag diriú isteach ar chumasú pobail agus ar forbairt plean comhtháite pobail i gcomhthéacs na Gaeltachta. Ba é an sprioc a bhí ann ná muintir na Gaeltachta a thabhairt le chéile chun plé a dhéanamh faoi forbairt chomhtháite pobail agus chun straitéisí a aimsiú lena thabhairt chun cinn.

Bhí an bhéim ar forbairt **chomhtháite** ós rud é go gcuimsíonn sé forbairt eacnamaíochta, shóisialta, teanga, éiceolaíochta agus chultúrtha, is é sin forbairt iomlán an phobail. Bhí sé bunaithe ar an dtuiscint gur trí chumasú pobail go príomha, i bfoirm daonlathais láidir áitiúil (an daonlathas rannpháirteach) gur féidir é a thabhairt chun cinn agus gur gá do na Gaeltachtaí teacht le chéile ón mbun aníos le go mbeadh an neart ann chun torthaí tairbheacha a bhaint amach.

Ar an ábhar go bhfuil an seansamhail briste, deis a bhí sna hócáidí seo athmhachnamh a dhéanamh ar staid reatha na Gaeltachta. Agus ós rud é nárbh fhéidir cruinnithe fisiciúla a eagrú i rith tréimhse na Cóivéide baineadh uúaid as na meáin theicneolaíochta chun:

- ❖ **Dhá sheimineár gréasáin** a eagrú le cainteoirí spreagúla – féach na taifeadtaí anseo faoin ócáid ar an 9ú Iúil agus anseo faoin ócáid ar an 16ú Iúil – ina raibh na téamaí seo a leanas á bplé: daonlathas i gcomhthéacs na Gaeltachta; comhoibriú idir Ghaeltachtaí; forbairt chomhtháite pobail, tionchar polaitíochta, agus
- ❖ **Cruinniú Zoom** ar an 8ú Deireadh Fómhair – a thug deis cainte don phobal a dtuairimí féin a noctadh.

Is é ábhar na tuarascála seo ná an tuairimíocht a noctadh ag an gcruinniú zoom a leagan amach.

---

## ‘Céard iad na comhábhair ba mhaith leat a fheiceáil sa chomhrá anocht?’

Ag freagairt na ceiste thuas mar thús leis an ócáid is é a bhí ar intinn na 27 rannpháirtaithe a bhí í láthair ná:

- **Comhoibriú**; le chéile; rannpháirtíocht; comhtháthú; díospóireacht;
- **Forbairt** ghaelphobal; forbairt na tuaithe; forbairt oideachasúil;
- **Pleanáil**; fás; réalaíocht; praiticiúil; forbairt; cur chun cinn; nuálaíocht;
- **Teaghlach**; scéim aistitheochta; inimirice;
- **Caidreamh**; spreagadh; spleodar; cineáltas; simplíocht; dóchas;
- **Infrastructúr**; seirbhísí;
- **Sláinte**; timpeallacht; ealaíon;

## Cur i Láthair Ivan Mc Phillips (ITG) – ‘Ón mbun aníos’

Ó Ghaoth Dobhair ó dhúchas, tá Ivan ag obair faoi láthair in ITG agus tá an-taithní phraiticiúil aige i réimse forbairt pobail. Sa chur i láthair a rinne sé, leag sé béim ar an idirdhealú idir cur chuige daoine ón taobh amuigh – ‘ón mbarr anuas’ - ag breathnú isteach agus ag déanamh cinntí nach bhfuil cúrsaí ag feidhmiú agus cad atá riachtanach agus cur chuige ‘ón mbun aníos’ a chuireann an bhéim ar dhaoine áitiúla a chumhachtú chun a riachtanais féin a aithint agus a cur i bhfeidhm.

Luaigh sé na **6 príomhchéim** do eagraíochtaí pobail chun **cur chuige ón mbun aníos** a chur i bhfeidhm – is é sin, ardmheas a bheith ar:

1. **Eolas** áitiúil – is é an pobal na saineolaithe;
2. **Cultúr** áitiúil – ní féidir le oibrí pobail glacadh leis go bhfuil luachanna agus cultúr níos fearr acu ná mar atá ag an bpobal áitiúil;
3. **Achmhainní** áitiúla – an teanga ceann de na hachmhainn is luachmhaire; grúpaí eagsúla (lucht dífhostaithe ina measc); foirgintí; acmhainní nádúrtha; an ‘diaspora’ agus gréasáin pobail cosúil leis an CLG; an Státchóras; an Eoraip; an córas oideachais;
4. **Scileanna** áitiúla – tá sé ríthábhachtach iad a aithint;
5. **Próiseas** áitiúil - ní mór eolas a fháil ar dtús; níl gach pobal mar an gcéanna agus
6. **Obair leis an bpobal i gcomhpháirtíocht** – ní mór obair leis seachas san nó don phobal.

Ansin luaigh sé **‘10 bPrionsabail Forbairt Pobail’**:

1. Cur chuige iomlánaíoch;
2. Inbhuanaitheacht;
3. Éagsúlacht;
4. Forbairt orgánach;
5. Forbairt chothrom;
6. Ag plé le míbhuntáiste;
7. Cumhachtú;

8. Anailís riachtanais;
9. Cearta daonna agus
10. Rannphairtíocht.

Ag filleadh ar an gcéad chéim sa phróiseas – eolas áitiúil - chuir sé an bhéim ar **'Iniúchadh socheacnamaíoch'** a dhéanamh mar leanas: grúpa a bhunú; eolas a bhailiú ar thréithe eacnamaíocha agus shóisialta an cheantair; ceardlanna a reachtáil leis an bpobal agus an státchóras; anailís ar láidreachtaí agus laigí; riachtanais an phobail a aithint; moltaí a aontú agus torthaí an iniúchadh a roinnt.

Mar focal scoir mhol Ivan mar fhís go mbunófaí: **'Greasán Tacaíochta Pleanála Comhtháite Pobail'** i ngach contae Gaeltachta le cuidiú le tacaíocht theicniúil agus oiliúint a chur ar fáil do ghrúpaí poibil pleananna comhtháite a chur le chéile agus struchtúir rannphairtíochta a bhunú len iad a chur i bhfeidhm - leis an teanga i gcroí lár an tionsnaimh seo.

## **Cad iad na rudaí is tábhachtaí le choinneáil san áireamh ionas go n-oibreoidh forbairt plean comhtháite pobail go héifeachtach do gach éinne?**

Bunaithe ar phrionsabal na rannphairtíochta a luaigh Ivan, bhí deis ag an gcomhlúadar an cheist thuas a chóradh i ngrúpaí beaga. Ag filleadh ar an ngrúpa iomlán bhí deis na

príomhphointí a roinnt trí Mentimeter, meán a éascaíonn tuairimí anaithnide a chur i láthair. Tá an tuairimíocht leagtha amach thíos ar bhonn téamaí imlíneacha ag diriú isteach ar an aos óg, cúrsaí eagrúcháin, ról an státchórais agus moltaí faoin gcur chuige:

- ✚ **An tAos Óg:** Saol spreagúil a chruthú do dhaoine óga sa Ghaeltacht;
- ✚ Tá ag éirí le CLG dul chun cinn ainneoin an 'status quo' - tá ceacht le foghlaim anseo;
- ✚ Agus slua maith daoine óga sa mbaile go bhfuil deiseanna ann le teicneolaíocht a úsáid. 170 gtech i nGaoth Dóhair;
- ✚ Is gá na daoine óga a mhealladh isteach sna líonraí pobail;
- ✚ **Eagrú:** Gach eagraíocht sa phobal aontaithe taobh thiar den phlean forbartha;
- ✚ Cumarsáid mhaith leis an bpobal;
- ✚ An pobal iomlán a thabhairt leat;
- ✚ Comhoibriú agus duine nó grúpa spreagúil leis an méid sin a threorú;
- ✚ Struchtúr ón mbonn aníos a chur le chéile;
- ✚ Gach céim a phlé leis an bpobal;
- ✚ Go bhfuil an pobal ar aon intinn ó thaobh na straitéise/ na físe/ an phlean de;
- ✚ Rannphairtíocht an phobail féin. Chomh maith leis sin, tá géargá le comhoibriú idir na grúpaí Gaeilge agus pobail áitiúla chun éifeachtacht a chinntiú in iarrachtaí pleanála agus acmhainní daonna atá gann a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí freisin;
- ✚ Plean aontaithe leis an bpobal agus eolas a roinnt go rialta;
- ✚ Cumarsáid agus cinnireacht shoiléir;
- ✚ Ceannaireacht, tacaíocht do cheannairí áitiúla maidir le oiliúint, srl, tacú leis na heagraíochtaí ip aol?? atá sa Ghaeltacht chun iad a fhorbairt;

- ✚ **Fealsúnacht & an Státchórais:** An ceangal láidir idir an éiceolaíocht agus an Ghaeilge a aithint;
- ✚ Tá an tír bunaithe ar an saormhargadh. Tá an status quo seo ag oibriú i gcoinne an phobail, i gcoinne na tuaithe agus i gcoinne na Gaeltachta;
- ✚ Go mbeadh ról ag an Stát maidir leis an bplean pobail a fheidhmiú i gceart;
- ✚ A chinntiú go bhfuil na húdaráis ag obair in éindí leat seachas a bheith i gceannas;
- ✚ Forbairt na tuaithe - mar pholasaí na tíre;
- ✚ Gur féidir do shaol a chaitheamh trí Ghaeilge, nach bhfuil an Béarla á bhrú orainn;
- ✚ **Cur chuige:** Pobail brú a chur ar na páirtithe polaitiúla seachas glacadh le polasaithe lochtacha!
- ✚ Fís aontaithe;
- ✚ Tá a ndóthain de phleanáil déanta leis na blianta - anois pleanálaithe teanga oilte le fís chun na pleananna a chur i gcrích;
- ✚ Ceannaireacht éifeachtach;
- ✚ Oiliúint ar an bpobal; pá maith do na hoifigigh a bheidh ag obair - nascadh le gach rud eile atá ar bun sa phobal cheana féin; Pléanáil tithíochta a chinntiú don phobal áitiúil, cosaint don teanga;
- ✚ Ceart cónaithe ar leith do lucht labhartha na teanga sa Ghaeltacht;
- ✚ Leas a bhaint as saineolaithe ach an pobal i gceannas.

Sa phlé oscailte bhí tuairimí eile á nochtadh:

- ✚ **Titíocht & Jabanna:** Bhí sé deacair daoine a tharraingt le chéile agus pleananna a chur i bhfeidhm. Is micreacosma den tír í an Ghaeltacht leis na fadhbanna céanna ach le hachmhainní níos lú chun aon rud a dhéanamh faoi. Bhí sé níos éasca do dhaoine le hairgead teach a cheannach ná mar a bhí sé ag muintir na háite. Níl an córas pleanála ag freastal ar muintir na Gaeltachta – ní mór na dlíthe a athrú. Tá daoine óga ag imeacht ós rud é nach bhfuil tithe ná jabanna ar fáil. Tá sé níos éasca dul isteach ‘sna cathracha;
- ✚ **Taithí Chairn Tóchair:** Is é an rud is tábhachtaí ó thaobh forbairt pobail de ná go mbeadh fís shoiléir ann agus go mbeadh an pobal lánpháirteach i ndrúchtú an phlean. Ina theannta sin ba chóir tosnú le spriocanna beaga gur féidir iad a bhaint amach.

## **Na 2 nó 3 chéim is tábhachtaí cun dul i mbun forbairt plean comhtáite pobail cun go mbeadh rath ar an bpróiseas sin do gach éinne?**

Ag diriú isteach ar an bhpraiticiúlacht, bhí deis ag na rannpháirtaithe an cheist thuas a phlé i ngrúpaí beaga agus a dtuairimí a nochtadh arís trí mheán Mentimeter. Mar is léir ón aiseolas thíos is iad na rudai is tábhachtaí ná: (i) an **rannpháirtíocht chuimsitheach** – an t-aos óg san áireamh - agus ceannasaíocht an phobail; (ii) **fís réalaióch** agus (iii) pleanáil atá **fianaise-bhunaithe**:

- ❖ 1. Comhrá leis an chomhphobal - 2. Fís a fhorbairt agus a roinnt leis an chomhphobal
- 3. Ról a bheith ag an chomhphobal leis an fhís a bhaint amach;
- ❖ 1. Fís, 2. Structur ionadaíoch 3. Plean feidhme 4. Gan aon pholaiteoirí !!!
- ❖ Miniú agus roinnt eolais leis an bpobal ón tús. Ionadaíocht ó gach PríomhChoiste Forbartha sa cheantar;
- ❖ Fís réalaíoch le spriocanna cinnte leagtha síos;
- ❖ Tá an pobal leisciúil agus falsa, caithfear iad a ghríosadh i dtús báire - go bhfuil gá lena leithéid!
- ❖ Rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála a chinntiú; Taighde cruinn a dhéanamh ar staid an phobail ar bhonn eacnamaíochta, teangeolaíochta agus sóisialta; Ceannasaíocht láidir ó mhuintir an phobail;
- ❖ An phleanáil, cur i bhfeidhm agus monatóireacht;
- ❖ Sprioc shoiléir;
- ❖ Scrúdú ar riachtanais an phobail;
- ❖ Inchur ó gach dream sa phobal;
- ❖ Bíodh ról ag formhór an phobail sa phlean. Caithfidh an pobal aireachtáil go bhfuil siad mar chuid den phróiseas agus go bhfuil gníomh éigin acu ann;
- ❖ Teagmháil le daoine cumasacha a roinneann an sprioc, agus atá sásta gníomhú leis an bplean a chur i gcrích;
- ❖ Ceannaireacht, monatóireacht, aiseolas a fháil agus dul chun cinn a dhéanamh bunaithe air sin, rannpháirtíocht ón phobal - ón óige go háirithe;
- ❖ Inchur ó gach dream sa phobal;
- ❖ Greim a choimeád ar an óige agus féidearthachtaí a chur ós a gcomhair;
- ❖ FÍS: Go n-éileoidh pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ar an Stát gur gá gnáthóg na Gaeltachta a chosaint agus a chaomhnú. Gan seo teipfidh na Gaeltachtaí;
- ❖ Coiste láidir tofa.

**Tuairimí eile** a nochtadh san phlé oscailte ná:

- **Ní neart go cur le chéile:** is pobail bheaga, scartha óna chéile iad pobail na Gaeltachta agus tá sé níos deacra pleananna a chur i bhfeidhm dá bharr; mar sin féin d'fhéadfaí bheith níos éifeachtaí le comhordú níos fearr seachas a bheith ag feidhmiú i 'silos'; ina theannta sin tá foinse dóchais ann má bhraitheann muid féin a bheith mar chuid de phobal agus gluaiseacht níos leithne taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht;
- **Pleanáil Teanga:** Dúradh go raibh fuinneamh ann faoi láthair de dheasca an phróisis pleanála teanga; is ceannairí muid uile agus tá gá go n-eascródh pleananna as ócáidí mar seo. Ina theannta sin ní mór guth na n-óg a bheith i láthair;
- **Ról an Stáit:** an bhfuil daoine ag brath an iomarca ar an Stát? Is é ról an Stáit ná feidhmiú i gcomhpháirt leis an bpobal. Go minic ní thuigeann stáitseirbhísigh an Ghaeltacht.

**Clabhsúr & Cuireadh chun Comhoibrithe** : Ghabh Breandán Mac Cormac míle buíochas thar ceann Theacht Aniar le Ivan as ucht a chainte agus leis an lucht freastail as ucht a rannpháirtíochta agus as ucht a dtuairimí a bhí thar a bheith go maith. Chuirfí nóta

den ócáid amach agus bheadh fáilte roimh chách a bheith páirteach in obair Theacht Aniar. Tá Teacht Aniar réidh le cabhair a thabhairt do phobail Ghaeltachta plean comtháithe a chur le chéile. Thug sé cuireadh d'éinne a raibh fonn air/uirthi fanacht chun tuilleadh comhrá a dheanamh 'ag am tae' tar éis an chruinnithe.

## Comhrá oscailte ag Am Tae

I rith an ama seo bhí deis ag gach duine – ón nGaeltacht nó ón nGalltacht - smaointe ar bith a roinnt leis an gcomhludar a bhí fágtha. Imeasc na rudaí a luadh:

- **Plean Éigeandála don Ghaeltacht:** ag freagairt ceiste faoi cad a bhí beartaithe a dhéanamh chun tógáil ar obair an fhórait seo thagair Breandán don rún a bhí faobhaithe ag an gComhaontas Glas le gairid faoi phlean éigeandála don Ghaeltacht. Bhí an rún bunaithe ar phrionsabail 'ón mbun aníos' agus le mórámh os cionn 90% seans go n-eascródh rud éigin fiúntach as. Taimid réidh le comhoibriú leis an obair seo;
- **Éigeandáil teanga & Pleanáil teanga:** Agus 6,500 ina gcónaí i gceantar Ghaoth Dobhair níl ganntanas daonra ach easpa inniúlachta agus dóchais i labhairt na teanga. Tá ceisteanna le cur faoi 'cén fáth' gur amhlaidh an scéal agus faoin tionchar atá á imirt ag eagraíochtaí Gaeltachta ar nós naíonraí ar chleachtas teanga. Bhí an próiseas pleanála teanga lochtach agus easnamhach cé gur rud dearfach go raibh gréasán de 20 oifigeach pleanála teanga anois ar fud na Gaeltachta. Dúradh gur chóir don scáth-eagraíocht, **Gaeltacht Bheo**, diriú isteach ar an dúshlán sin. Tá sé beartaithe cruinniú den coiste a ghairm go luath chun beocht a chothú. Dúradh chomh maith go raibh **Cumann na nOifigeach Forbarta Gaeilge** (100 -120 ball) ag feidhmiú leis na húdaráis áitiúla, 'sna coláistí triú leibhéal agus leis na rannóga Stáit. Bíonn siad ag roinnt dea-chleachtas agus ag cur oideachais ar na baill. Tá caidreamh á chothú acu leis an CCMA (City and County Managers Association) agus bhí sé beartaithe bualadh leis na hoifigí phleanála teanga. Ní mór a choinneáil san áireamh go mothaíonn na húdaráis uaireanta go bhfuil siad faoi bhagairt.

22.10.20